

MÁ GO, AMACH ACH

INA alt cuimsitheach ar stair an chónaisc *acht go*¹ léiríonn Breandán Ó Buachalla na bríonna éagsúla a bhí leis sa litríocht ó aimsir na Sean-Ghaeilge anall: 1. 'if only', 'provided that', 2. 'unless', 3. 'as soon as', 'when', 4. 'until', 5. 'in order to', 6. 'so that' (cónasc iarmartach); sna canúintí beo, áfach, cailleadh cuid mhór de na bríonna seo agus níor mhair an chiall 'unless' ach sna ráite *ach go beag* agus *ach a bé*. Tá rian eile den chónasc seo le fáil i nGaeilge Chúige Uladh go dtí an lá inniu.

In oirthear agus i dtuaisceart Uladh tá fianaise ar chónasc coinníollach diúltach a bheith ann arb é a réaladh foghraíochta [ma:ɡə, maɡə, maħə ɡə, maħe ɡə] agus a réaladh ortagrafaíochta *má go*, *maga*, *maha go*:

Muineachán: *Goidé mur ngroithe go Loch Dearg magur [= munar] chuir sibh fearg ar mur Rí?*²

Tír Eoghain: *má go bhfuil sé réidh, if it is not ready; má go luighfidh tú síos beidh tú tinn, if you don't lie down you will be sick,*³ etc.; "*Cha dtig liom a' dadaí,*" *arsa seisean, "a dheanamh leis an fhear seo, maga dtionntacha sibh a chionn an áit a bhfuil a chosa . . ."*⁴.

Inis Eoghain: *má go n-ithe sé, unless he eat*⁵; *Dúirt siad go muirfead siad iad maha go n-innseachad siad dófa goidé 'n dóigh a ndéanfadh siad lionn do bhár a' fhraoigh*⁶; *Dúirt duine do na séoltoirí (sic) maha go stadfad siad do ghuidhe le Dia go mbáithfeadh an diabhal iad*⁷, etc.

An Craoslach: [mɔr 'd'e: tu (or, maħe ɡə 'd'e: tu,) nə 'wal'ə . . .], *if you do not go home . . .*⁸; [maħə ɡə raha:], *if you wouldn't go.*⁹

Ros Goill: [mah ə dokə ʃɛʃən e: tokə m'əʃə e:], *if he doesn't lift it I'll lift it*; [mah ə ɡɔ NRət'ə ʃə N darəs t'ɔki Nə kət' ə't'ah], *if he doesn't shut the door the cats will come in.*¹⁰

I bhfonóta¹¹ ag tagairt don fhoirm *ma go* deir Ó Tuathail 'maha, macha (with weak *ch*) are also heard. These may represent *amach ó*. If so, we have here an extension of the use of *amach* followed by the prep.

¹ *Ériu* xxiii (1972) 143-61.

² *Béaloideas* iv (1933) 208, X.

³ *Lochlann* iii (1965) 164.

⁴ É. Ó Tuathail, *Sgéalta Mhuintir Luinigh* (1933) 25. Sa téacs seo faightear *mur* taobh le *maga* agus an chiall chéanna leo: ". . . má léasaim é, gheó mé an t-airgead, agus mur léasfaidh, caithfear mé . . .", 25.

⁵ *Lochlann* iv (1969) 111.

⁶ *Béaloideas* xi (1941) 86, uimh. 7.

⁷ Op. cit. 90, uimh. 17.

⁸ H. Wagner and C. Ó Baoill, *LASID IV* (1969) 62, uimh. 733.

⁹ Op. cit. 62, uimh. 734.

¹⁰ L. W. Lucas, *Grammar of Ros Goill Irish Co. Donegal* (1979) §672.

¹¹ *Béaloideas* xi (1941) 112, nóta 150.

ó such as occurs in the phrases: *Nach rabh amach ón Sgrioptuir Dhiadha én leabhar amháin is díslé . . . nó é.* 'Tór. ar Lorg Chríosda,' introd. p. XIX; *ní air bith iarraidh amach ó Íosa,* *ibid.*, p. 85; *amach ó'n fhear udaigh,* 'Cioth is Dealán,' p. 51; *amach ó fíor annamh,* 'Maicín,' p. 11.'

Is cinnte gur sin an leagan atá i gceist agus is furasta a fheiceáil cad é mar a d'eascair an fhoirm. Tá dhá réamhfhocal ann atá inmhalartaithe, *ach* agus *amach ó: bhí siad uilig ann ach Seán; bhí siad uilig ann amach ó Sheán.*¹² Leathnaigh an malartú seo go dtí an cónasc *ach go* agus cruthaíodh *amach ó go*. Mar is dual do na háiteanna ar mhair an fhoirm iontu i gCúige Uladh lagaíodh an *ch* agus rinneadh /ə)ma:gə/ de.

Is sonraíoch gur le Cúige Uladh a bhaineann na solaoídí uilig atá ag Ó Buachalla le *ach go* (= mura) a léiriú.¹³

InGaeilge Ros Goill tá réamhfhocal amach ach: [ha ro ə ɣe fa:kə eg'ə ə'mah a kLa:r], *he had nothing left except a board*¹⁴; [ji:L' fə ə'lig' ə'mah a N(t) uəN], *he sold all but the lamb.*¹⁵ Agus tá nóta ag Lucas 'Amach ach takes the accusative or the dative'.¹⁶

Tá leideadh san abairt dheireanach sin faoi cad é mar a d'fhás an fhoirm seo. Tá claonadh i gcanúint Ros Goill an réamhfhocal *ó* agus an cónasc *ach* a laghdú go dtí /a/. Síleadh gurbh é /ə'ma a gə/ *amach ach go*. Ansin scaradh *amach ach* ón chónasc agus cruthaíodh an réamhfhocal nua *amach ach*. Níl an ceart ag Lucas nuair a deir sé go leanann an tabharthach agus an t-áinsíoch *amach ach*. Is é an rud a mhair *amach ó* sa chanúint chomh maith.

GEARÓID STOCKMAN

Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

¹² Cf. an fhoirm *ó . . . immach*, *DIL* sub *immach*.

¹³ *Ériu* xxiii 155, 7.5.

¹⁴ L. W. Lucas, op. cit. §19.

¹⁵ *Ibid.* §656.

¹⁶ *Ibid.*